VIFAX 11 Eanáir 2011

Ardleibhéal

Tithe Solais

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi dheireadh na mbonnán ceo. Sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

Bí ag obair leis an duine in aice leat.

1. An bhfuil mórán eolais agat faoi thithe solais na hÉireann?
2. Ainmnigh tír ar bith ar domhan ina bhfeictear go leor teach solais.
3. An gcuireann siad leis an tírdhreach dar leat?

Ceist 2 Gan féachaint ar an tuairisc go fóill, déanaigí iarracht na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na téarmaí seo a leanas:

`

1. end of an era _____
2. commissioners_____
3. Local Authorities_____
4. foghorns_____
5. Harbour Boards_____
6. satellite navigation systems_____
7. Mind! Warning!_____
8. a turn or a go (at something)_____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí.

Ceist 4 Cloistear 'dá bhfágfaí' sa sliocht.

Cén ghné den ghramadach atá i gceist?

Déan iarracht na briathra seo thíos a athrú

a. (Deir) paidir ina onóir dá bhfaigheadh sé bás.

b. (Clois) na bonnáin cheo ar fud an chósta

c. (Ceannaigh) go leor carr nua dá mbeadh airgead sa tír.

d. (Beannaigh) don sagart dá bhfeicfí ar an mbóthar é.

e. (Lig) abhaile na daoine dá mbeadh múineadh orthu.

f. (Dún) an doras dá mbeadh sé fuar.

g. (Póg) a bhéal dá mbeadh sé dathúil.

h. (Ith) fataí mura mbeadh aon rud eile ann.

Ceist 5 Éist leis an ngiota deireanach arís agus déan iarracht na focail atá in easnamh thíos a líonadh isteach

B'iontach an _____ é do bháid ag an am nach raibh an trealamh nua-aimseartha seo iontu, báid _____nó bád ar bith mar sin agus nuair a imeoidh sé sin anois, tá a fhios agam go bhfuil an _____ nua seo ann agus tá a fhios agam go bhfuil sé go maith, ach tiocfaidh an lá go gclisfidh sé ach ní raibh aon chlis ar chor ar bith ar an rud eile. Bhí sé ann i gcónaí i gcónaí agus is é an _____ go gcaithfidh sé imeacht chomh fada agus a bhaineann sé liomsa.
Sean-ghlór _____ an chósta i mbun ceoil don _____ deireanach.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil tuairim ar bith agaibh cé mhéad teach solais atá in Éirinn?

Ní dóigh le na coimisinéirí gur féidir brath ar thorann na mbonnán ceo chun na báid a stiúradh níos mó agus gur fearr an loingseoireacht satailíte a úsáid. An aontaíonn tú leo?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2
`
1. end of an era : deireadh ré
2. commissioners: coimisinéirí
3. Local Authorities: Údaráis Áitiúla
4. foghorns: Bonnáin cheo
5. Harbour Board: Bord Cuain
6. Satellite Navigation System: Córas Loingseoireachta Satailíte
7. Mind! Warning!: Fainic!
8. A turn or a go (at something): geábh

Ceist 3 Caithfidh na foghlaimeoirí achoimre ghairid a scríobh ar ábhar na míre tar éis dóibh éisteacht leis an tuairisc uair amháin. Tabhair seans dóibh an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid lena chéile.

Ceist 4

a. **Déarfaí**
b. **Chloisfí**
c. **Cheannófaí**
d. **Bheannófaí**
e. **Ligfí**
f. **Dhúnfaí**
g. **Phógfaí**
h. **D'íosfaí**

Ceist 5 B'iontach an **cúnamh** é do bháid ag an am nach raibh an trealamh nua-aimseartha seo iontu, báid **seoil** nó bád ar bith mar sin agus nuair a imeoidh sé sin anois, tá a fhios agam go bhfuil an **trealamh** nua seo ann agus tá a fhios agam go bhfuil sé go maith, ach tiocfaidh an lá go gclisfidh sé ach ní raibh aon chlis ar chor ar bith ar an rud eile. Bhí sé ann i gcónaí, i gcónaí agus is é an **peaca** go gcaithfidh sé imeacht chomh fada agus a bhaineann sé liomsa.
Sean-ghlór **fainice** an chósta i mbun ceoil don **gheábh** deireanach.

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Tá breis agus céad teach solais sa tír.

Éimear Ní Chonaola

Fáilte ar ais. Deireadh ré i saol mara na tíre seo amárach nuair a chuirfidh Coimisinéirí Soilse Éireann agus Údaráis Áitiúla éagsúla deireadh leis an mbonnán ceo as tithe solais na tíre.

Ruairí Mac an Iomaire

Ón lá amárach ar aghaidh, is fuaim í seo nach gcloisfear feasta ó thithe solais na hÉireann agus deireadh á chur ag Coimisinéirí Soilse na hÉireann, ag Údaráis Áitiúla agus ag boird cuain leis an mbonnán ceo.

Ó Chontae an Dúin go Dún Laoghaire, ó Loch Garman go Cionn tSáile, tá deireadh ré eile in ndán do shaol na mara agus gné aitheanta eile fós ag dul i léig. Tá tréimhse fhada dá shaol caite ag Séamas Ó Flaithearta as Árainn ina fhear tí solais ar fud chósta na hÉireann. Níl sa scéal seo ach ceann den iomaí athrú atá déanta ag na hÚdaráis ar a iar- ghairm bheatha siúd.

Séamus Ó Flaithearta (*iar-fhear tí solais*)

Is é an rud é gurb é lucht na mbáid bheaga a bheidh thíos leis mar bhí eolas acu sin sna háiteanna seo. Bhí cleachtadh acu ar na torainn agus na rudaí seo uile agus anois beidh siad dá uireasa, agus sin é an fáth go mb'fhearr liomsa dá bhfágfaí ann iad, ach is dóigh go gcaithfimid dul leis an rud atá ag tarlú ar fud an domhain agus gur mar sin a bheidh.

Ruairí Mac an Iomaire

Shéan Coimisinéirí Soilse na hÉireann gur rinneadh an cinneadh seo gan dul i gcomhar le lucht mara. Bhí fógraí acu, is cosúil, ó Mhí Mheán Fómhair seo caite. De bharr an dul chun cinn i gcúrsaí teicneolaíochta, go háirithe le córas loingseoireachta satailíte, níl gá níos mó, is cosúil, leis an mbonnán ceo.

Séamus Ó Flaithearta

B'iontach an cúnamh é do bháid ag an am nach raibh an trealamh nua-aimseartha seo iontu, báid seoil nó bád ar bith mar sin agus nuair a imeoidh sé sin anois, tá a fhios agam go bhfuil an trealamh nua seo ann agus tá a fhios agam go bhfuil sé go maith, ach tiocfaidh an lá go gclisfidh sé ach ní raibh aon chlis ar chor ar bith ar an rud eile. Bhí sé ann i gcónaí, i gcónaí agus is é an peaca go gcaithfidh sé imeacht chomh fada agus a bhaineann sé liomsa.

Sean-ghlór fainice an chósta i mbun ceoil don gheábh deireanach.

Ruairí Mac an Iomaire

Nuacht TG4